Ceacht 6

Ainmhithe na hÉireann a shórtáil de réir a dtréithe

Rudaí Beo

Focail le húsáid

Tréith · Sórtáil · Riail sórtála · Grúpa

Ár gceist

Conas is féidir linn ainmhithe a shórtáil i ngrúpaí de réir an mhéid a fheicimid orthu?

Conas an tábla a líonadh isteach

Ag barr colúin, scríobh an riail a d'úsáid tú le sórtáil, mar shampla cosa nó gan chosa. Ansin, in aice le gach ainmhí, scríobh an grúpa ina ndeachaigh sé, mar shampla cosa.

An dá shórtáil a rinneamar

Ainmhí	An chéad sórtáil. Ár riail:	An dara sórtáil. Ár riail:
spideog		
frog		
gráinneog		
seilide		
bradán		
beach		

Cén t-ainmhí a bhog isteach i ngrúpa eile sa dara sórtáil a rinne tú? Cén fáth ar bhog sé?

Críochnaigh an abairt: Bhí ár ndara riail úsáideach mar

Na cártaí nua: cuir ciorcal timpeall ar an ainmhí ba dheacra a chur i ngrúpa



sionnach



ialtóg



corr réisc



damhán alla



péist talún



rón glas

Cén fáth a raibh sé deacair é a chur i ngrúpa?

Cén riail rúnda a bhí ag an ngrúpa eile? Ar thomhais tú í?